Forbhreathnú ar Fhreagraí a tugadh ar 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Beartas um Fheabhsú Scoileanna'.

1. Déanann an páipéar seo coimriú ar an gcomhairliúchán maidir le *'Gach Scoil ina Scoil Mhaith - Beartas um Fheabhsú Scoileanna'.*

2. Beartas dírithe ar an leanbh is ea an beartas atá á mholadh agus tá an aidhm fhoriomlán aige go mbeadh an caighdeán cuí litearthachta agus uimhearthachta ag gach leanbh nuair a bheidh an cúrsa oideachais éigeantaigh críochnaithe aige nó aici. Is léir go bhfuiltear ag súil go ndíreoidh na páirtithe go léir - an Roinn Oideachais, na gníomhaireachtaí tacaíochta oideachais, na Boird Ghobharnóirí agus na foirne - a n-aire gan stad gan staonadh ar cháilíocht agus ar chaighdeáin.

Cúlra

3. Is iomaí bua atá ag an gcóras scoileanna atá againn: tá caighdeán cuibheasach ard (64%) ar an meán i dTuaisceart Éireann ag 5+ TGM (Teastas Ginearálta an Mheánoideachais, nó GCSE mar a thugtar air) A*-C, rud a léiríonn tiomantas agus gairmiúlacht na mbainisteoirí sinsearacha agus na múinteoirí a chabhraigh go hinniúil leis na daltaí caighdeáin mhaithe nó caighdeáin níos airde a bhaint amach i gcaitheamh na mblianta.

4. Ceileann an rath seo an chaoi nach bhfuil daltaí eile ag dul chun cinn mar ba chóir. Níor éirigh ach le 37% de dhaltaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste sóisialta 5+ TGM A*-C a bhaint amach in 2005/06. Is measa fós an scéal nuair a leasaítear na figiúir chun Béarla agus matamaitic a chur san áireamh. Ní éiríonn ach le leath de na daltaí 5+ TGM (nó a gcoibhéis) a bhaint amach ag gráid A*-C.

5. Níor leag an clár feabhsúcháin scoile a bhí ann roimhe seo béim go leor ar fheabhas a chur ar gach scoil. Níor léir ach oiread cén

fhreagracht faoi leith atá orthu siúd go léir a bhfuil ról acu, idir an rialtas, na húdaráis reachtúla mar na Boird Oideachais agus Leabharlann, agus na scoileanna féin agus a bhfoirne ceannaireachta. Ní mór béim i bhfad níos mó a leagan ar 'an trasnán a ardú' agus an bearna ó thaobh caighdeán agus torthaí de a laghdú sna scoileanna. Tá sé d'aidhm ag an mbeartas nua aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo go léir.

Gníomh Comhairliúcháin

6. Tá na moltaí i leith beartais atá ar fáil i 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith' bunaithe ar dhíospóireachtaí le gairmithe, le lucht ceaptha beartas agus le daoine óga, agus ar na freagraí a tugadh ar an gcéad pháipéar faoi fheabhsú scoileanna a scaipeadh mar chuid d'fhoireann páipéar a leag amach treoir beartais i leith ghnéithe oideachasúla an Athbhreithnithe ar Riarachán Poiblí.

7. Rinneadh iarracht sa ghníomh comhairliúcháin dul i dteagmháil leis an oiread páirtithe leasmhara agus ab fhéidir, lena n-áirítear múinteoirí, gobharnóirí, tuismitheoirí, daoine óga agus lucht gnó. Rinne an Roinn iarracht faoi leith príomhoidí na scoileanna iar-bhunoideachais a spreagadh chun dearcadh a ndaltaí faoi na moltaí beartais a fháil.

8. Eisíodh an comhairliúchán ar an 21ú Eanáir 2008 agus lean sé ar aghaidh go dtí an 31^{ú} Márta 2008. Fuarthas freagraí ó 203 eagraíocht agus daoine aonair agus is mar seo a leanas a rangaíodh iad:

26	-	Ranna Rialtais; Boird Oideachais agus Leabharlanna; Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS - *Council for Catholic Maintained Schools*); Cumainn Múinteoirí; Údaráis Bhainistíochta, Eagraíochtaí Reachtúla agus Eagraíochtaí Gnó;
25	-	Scoileanna Gramadaí;
39	-	Scoileanna Neamhroghnacha;
5	-	Scoileanna Speisialta;

66 - Bunscoileanna;

2 - Naíolanna;

35 - Comhairlí Ceantair agus eile;

5 - Freagraí pearsanta.

Tá liosta iomlán na bhfreagróirí ar fáil in Iarscríbhinn B.

Forbhreathnú ar Fhreagraí an Chomhairliúcháin

Ginearálta

9. Tríd is tríd thacaigh na freagróirí le haidhmeanna an bheartais, agus i gcás na bhfreagraí a thugadh ar na ceisteanna sa doiciméad comhairliúcháin is féidir roinnt téamaí coiteanna a aithint inar léirigh na freagróirí na hábhair imní a bhí orthu:
    - Ról na nGobharnóirí;
    - Ceannaireacht;
    - Sonraí;
    - Rannpháirtíocht na dTuismitheoirí/an Phobail;

10. Tá anailís mhionsonraithe ar na freagraí go léir a tugadh ar an gcomhairliúchán le fáil in Iarscríbhinn A.

Ról na nGobharnóirí

- Glacadh leis go ginearálta go raibh ról lárnach ag na Gobharnóirí maidir le feabhsú scoileanna ach b'ábhar suntasach imní ag a lán daoine an méid athruithe a bhí arna moladh maidir le ról na nGobharnóirí.
- Beidh ar na Gobharnóirí freagrachtaí breise a ghlacadh chucu féin chun tacaíocht éifeachtach agus dúshláin a thabhairt agus tá sé deacair go leor cheana féin dóthain daoine oiriúnacha a fháil le freastal ar na boird.
- Cuireadh ceist faoi cé chomh héifeachtach is a bheadh na Gobharnóirí chun dúshláin a thabhairt ós rud é nach bhfuil iontu ach saorálaithe páirtaimseartha.
- Is í an cheist phráinneach ná cén chaoi ar féidir breis gobharnóirí d'ardchaighdeán a fháil a bhfuil an-spéis acu san obair agus atá sásta glacadh leis na dualgais agus na freagrachtaí go léir.
- Ní mór oiliúint agus tacaíocht éifeachtach chuí a chur ar fáil chun go mbeidh na Gobharnóirí ullamh dá ról nua.

Ceannaireacht

- D'aontaigh formhór na bhfreagróirí go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh ceannaireacht d'ardchaighdeán ann ó thaobh féinmheastóireacht agus féinmhachnamh a dhéanamh, ach measadh uaireanta go bhfuil athruithe ag teacht chomh te tapa sin go bhfuil sé fíordheacair seans ceart a fháil chun machnamh a dhéanamh, go mór mór i gcás príomhoidí atá ag múineadh.
- Moladh gur chóir cíoradh a dhéanamh ar cad is ceannaireacht ann agus ar an chaoi ar chóir í a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na scoile, agus teacht ar chomhaontú.
- Cuid lárnach den phróiseas feabhsúcháin is ea an comhoibriú - ba chóir go mbeadh príomhoidí a léirigh na tréithe riachtanacha ceannaireachta in ann tacaíocht a thabhairt don fhoireann i scoileanna nach bhfuil na tréithe sin le fáil iontu agus meantóireacht a dhéanamh orthu, nó poist shubstaintiúla a ghlacadh ina leithéid de scoileanna.
- Ní rabhthas cinnte maidir le cibé an réiteofaí an scéal dá n-éileofaí go mbeadh príomhoidí cáilithe mar cheannairí nó mar bhainisteoirí. Moladh áfach go raibh sé riachtanach athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar réim agus ar ábhar na gclár ceannaireachta agus bainistíochta atá ann faoi láthair chun bunsraith a thógáil ar a bhféadfaí cinntí faoi fhorbairt ceannaireachta a dhéanamh.
- Ba chóir oiliúint cheannaireachta a tosú nuair atá bunoiliúint múinteora á tabhairt agus ba chóir leanúint di le linn forbartha leanúnaí gairme.

Sonraí

- Má tá scoileanna le bheith in ann déileáil go héifeacht leis na riachtanais um shonraí a leagadh amach, ní mór tacaíocht agus oiliúint níos fearr a chur ar fáil le cabhrú leo feidhmiú a mheas, na réimsí sin a aithint a d'fhéadfaí a fheabhsú, agus spriocanna a leagadh síos.
- Ní foláir na sonraí a thabhairt i gcomhthéacs na scoile - ní cóir a leithéid de tháscairí amha a úsáid chun comparáidí a dhéanamh.
- Thug daoine le fios go raibh díomá orthu nár tugadh aird nó mórán airde ar thréithe cáilíochta sa doiciméad. Ba chóir bearta breisluacha a fhorbairt ar bhonn práinne.

Rannpháirtíocht na dTuismitheoirí/an Phobail

- Ní mór sainmhíniú a thabhairt ar ‘ardleibhéal’ tacaíochta tuismitheoirí má tá na torthaí le bheith comhsheasmhach, agus moladh go ndíreofaí ar cháilíocht na tacaíochta sin.
- D’aontaigh formhór mór na bhfreagróirí go raibh sé ríthábhachtach go mbeadh na tuismitheoirí agus an pobal rannpháirteach i saol na scoile ach bhí imní ar dhaoine toisc nach bhfuil smacht ag na scoileanna ar an scéal agus go mbíonn sé deachair uaireanta tuismitheoirí a spreagadh le páirt a ghlacadh i saol na scoile.
- Cúis imní do dhaoine a ba ea an chaoi nach raibh aon mholadh ann faoi chumhacht a thabhairt do thuismitheoirí mar chomh-fhoras. Dúradh go mba thús maith a bheadh ann chun an éagothroime seo a leigheas dá mbunófaí eagraíocht tacaíochta earnála le haghaidh tuismitheoirí.

Achoimre ar na Freagraí a tugadh ar an gComhairliúchán

Tráchtanna Ginearálta

Chuir formhór na bhfreagróirí tráchtanna ginearálta lena bhfreagraí. Ba iad seo a leanas na príomhthéamaí:

- **Tríd is tríd ní tuin dhearfa í tuin an doiciméid** - dá gcuirfí na moltaí seo i bhfeidhm dhéanfaí athrú suntasach ar an gcaidreamh idir an Roinn Oideachais agus na scoileanna. B'athrú é seo ó thacaíocht is dual do chomhghleacaithe a thabhairt dá chéile go caidreamh ina mbeadh ualach mór measúnaithe agus lipéadaithe ar na scoileanna agus an baol ann go ndúnfaí iad sa deireadh thiar.
- **Cailleann an doiciméad an 'bhéim láidir ar dhaltaí mar aonaráin' ar tugadh cuntas faoi ag a thús** - moladh go dtabharfar sainmhíniú ar cad is brí leis an nath 'dírithe ar an leanbh' atá sa ráiteas tosaigh.
- **Tá na hathruithe iomadúla agus líon na na dtionscnamh idir nua agus leanúnach ag teacht mar a bheadh tonn mhór tuile agus ní chabhraíonn siad le smaoineamh ná le pleanáil shoiléir** - Moladh nach gcuirfí i bhfeidhm iad go dtí an 1ú Aibreán 2009 nuair a chuirfear tús leis an Údarás Oideachais agus Scoileanna . Sa chaoi sin ní bheadh ach athrú amháin i gceist ag scoileanna agus ní bheadh aon trasdul ó Bhoird Oideachais agus Leabharlann go hÚdarás Oideachais agus Scoileanna.
- **Ní féidir feabhsú leanúnach a dhéanamh ar scoileanna gan fhéinmheasúnú éifeachtach a bheith ann agus muinín ag na páirtithe leasmhara as a chéile agus go dtuigtear go bhfuil gach aon duine ag obair i gcomhar le chéile** - tuigtear dúinn ón doiciméad seo go bhfuiltear ag filleadh ar sheanlaethanta an chigire a mbíodh eagla ar dhaoine roimhe seachas an cultúr um chúnamh súl carad a bhí á fhorbairt trí 'Together Towards Improvement'.
- **Ról na nGobharnóirí** - imní nach gcuirfidh daoine isteach ar bheith ina ngobharnóirí de bharr an mhéid a éilítear orthu. Ní mór smaoineamh go

cúramach ar spreagtha a cheapadh i gcomhair an róil seo. Moladh gur chóir cistiú ceart a chur ar fáil sa chaoi is go gcuirfí oiliúint agus tacaíocht ar fáil do ghobharnóirí lena gcur in oiriúint dá ról nua, agus go ndéanfaí an oiliúint agus an tacaíocht a dhearadh i gceart agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

- **Ceannaireacht** - ní raibh na freagróirí ar aon intinn faoi luach na Cáilíochta Gairmiúla do Phríomhoidí (PQH - *Professional Qualification for Headship*). Mhol cuid acu gur cóir go mbeadh sí éigeantach agus bhí amhras ar dhaoine eile nach gcuirfeadh an cháilíocht reatha an cheannaireacht ar fáil atá riachtanach chun an beartas seo a chur i bhfeidhm. Rinneadh moltaí go ndéanfaí staidéar ar cheannaireacht mar mhodúl ar leibhéal réamhsheirbhíse; go bhforbrófaí cúrsaí bainistíochta faoi leith do lucht meánbhainistíochta mar aon le clár tacaíochta cuimsitheach réigiúnach ceannaireachta, agus go mb'fhéidir go mbainfí leas as taithí príomhoidí nó leas-phríomhoidí maithe atá imithe ar scor chun dea-chleachtas a scaipeadh nó monatóireacht a dhéanamh ar phríomhoidí a bhfuil sí de dhíth orthu.
- **Oibriú i gComhar le Chéile** - bhí imní ar dhaoine go mbeadh ar scoileanna laga leas a bhaint as a gcuid acmhainní féin chun pleananna feabhsaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh naisc idir scoileanna agus coláistí ina ngnáthpháirt den chóras oideachais agus go mbeadh sé níos fusa sa chaoi sin do scoil amháin tacaíocht a iarraidh ar scoil eile.
- **Sonraí** - ní mór aire a thabhairt do mhéid na sonraí a chaithfidh scoileanna a thiomsú agus a chomhordú. Lena chois sin ba chóir beart breis luacha a fhorbairt ar bhonn práinne.
- **Ní mór a aithint nach bhfuil scoileanna freagrach as ar tharla do leanaí i rith an chéad 5 bliana dá saol nó as na heasnaimh a bhí ann i rith an ama sin.**

Ceist 1: **An dóigh leat go léiríonn an liosta na príomhthréithe a bheadh ag scoil a bhfuil rath uirthi?**

Thacaigh 30% de na freagróirí go tréan gurb iad sin tréithe a bhaineann le scoil a bhfuil rath uirthi; d'aontaigh 45% eile fós leis; níor aontaigh 21% leis agus chuir 1% ina aghaidh go tréan.

I measc na moltaí a rinneadh le cur leis an liosta tréithe bhí:

- Struchtúir éifeachtacha tréadchúraim;
- Réimse leathan de ghníomhaíochtaí éagsúla seach-churaclaim a chuirfeadh le forbairt an dalta aonair;
- Meas ar éagsúlacht teanga agus cultúir agus go gcothófaí an éagsúlacht sin;
- Go mbeadh beartais éifeachtúla maidir le disciplín curtha i bhfeidhm;
- Go mbeadh caidreamh d'ardchaighdeán ann idir na daltaí féin, idir daltaí agus an fhoireann, idir na baill foirne agus idir an scoil agus na tuismitheoirí.
- Go gcruthófaí agus go ndaingneofaí naisc leis an earnáil phríobháideach, leis an earnáil bhreisoideachais agus leis an bpobal níos leithne, lena n-áirítear grúpaí pobail agus an earnáil dheonach;
- Ba chóir go mbeadh éiteas ag gach scoil a chuireann comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh chun cinn go follasach.

Tráchtanna Ginearálta

- **Ba chóir na tréithe a rangú i gceithre ghrúpa straitéiseacha agus iad a mheá mar is cuí:**
    - **Éiteas**
    - **Feidhmíocht**
    - **Rialachas, Ceannaireacht agus Bainistíocht**
    - **Eispéireas Oideachasúil na nDaltaí**

- **Ní mór na tréithe a chur i gcomhthéacs i gcreat i bhfad níos leithne** - Tá na tréithe seo tábhachtach má tá rath le bheith ar dhaltaí ar scoil ach ní chuireann siad san áireamh na fadhbanna sin nach bhfuil smacht ag na scoileanna aonaracha orthu; ní mór a ndóthain acmhainní a sholáthar do scoileanna.

- **Is í cáilíocht na foirne an rud is mó a bhfuil éifeacht aici ó thaobh rath nó drochrath a bheith ar scoil .i. tiomantas, díograis agus inniúlacht na foirne**

- **Ba chóir go mbeadh an bhéim ar fhéinfheabhsú le sonrú ar fud na scoile go léir agus go mbainfeadh sí leis na baill foirne nach múinteoirí iad chomh maith.**

- **Uirlisí inmholta iad féinmheastóireacht agus pleananna forbartha scoileanna** - ní foláir mórchuid oiliúna um cháilíocht a chur ar fáil do scoileanna má tá rath le bheith orthu.

- **Tá an iomarca tréithe ar an liosta** - ba chóir go mbeadh dornán beag príomhthréithe ann a d'fhéadfadh scoileanna díriú orthu. Tá mbeadh na tréithe sin le fáil i scoileanna d'fhásfadh aon tréithe breise uathu;
  1. Ceannaireacht Ardchaighdeáin ar gach leibhéal ach go mór mór i gcás ceannaireachta agus stíl bhainistíochta an phríomhoide;
  2. Éiteas na scoile - comhoibriú; cumarsáid; comhsheasmhacht; agus an urraim is dual do chomhghleacaithe a bheith acu dá chéile;
  3. Is iad nósanna imeachta d'ardchaighdeán um measúnú inmheánach croílár scoile a bhfuil rath uirthi;
  4. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD - *continuing professional development*) d'ardchaighdeán;

- **Ról na nGobharnóirí** - is léir gur príomhghné é ról na ngobharnóirí ach beidh orthu i bhfad níos mó freagrachtaí a ghlacadh má tá siad chun tacaíocht éifeachtach agus dúshláin a thabhairt agus é sin nuair atá sé deacair go leor daoine oiriúnacha a fháil le freastal ar na boird; d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh na scileanna riachtanacha ná an taithí ag na gobharnóirí ná fonn orthu dúshlán an phríomhoide a thabhairt; cuireadh ceisteanna faoi cumas na ngobharnóirí dúshláin a thabhairt ós rud é nach bhfuil iontu ach saorálaithe páirtaimseartha; níl mórán tabhairt faoi oiliúint le haghaidh Bord Gobharnóirí; b'olc an rogha é an focal 'dúshlán' a úsáid - nárbh fhearr na focail 'comhairle' agus 'tacaíocht' a úsáid le chéile chun sainmhíniú a thabhairt ar ról Bord Gobharnóirí.

- **Ceannaireacht** - Tá oiliúint foirne ríthábhachtach - ní mór Oiliúint Inseirbhíse (INSET) faoi fhéinmheastóireacht a leagadh amach go cúramach le haghaidh scoileanna ag gach leibhéal bainistíochta agus ceannaireachta; níor tugadh aon leide faoin sainmhíniú a thabharfaí ar mhúinteoir nach bhfuil tiomanta dá c(h)uid oibre, ná faoi cad a d'fhéadfaí a dhéanamh dá leithéidí chun an drochthionchar atá acu ar an scoil a mhaolú;

- **Rannpháirtíocht na dTuismitheoirí/an Phobail** - ní mór sainmhíniú a thabhairt ar 'ardleibhéal' tacaíochta na dtuismitheoirí chun comhsheasmhacht a chinntiú, moladh go ndíreofaí ar cháilíocht na tacaíochta seachas ar uimhreacha; Tá sé ríthábhachtach go mbeadh na tuismitheoirí agus an pobal rannpháirteach sa scoil ach níl smacht ag an scoil ar seo; is deacair uaireanta na tuismitheoirí a spreagadh le bheith rannpháirteach.

- **Sonraí** - cothaíonn an bhéim seo ar shonraí iomaíocht idir scoileanna seachas iad a mhealladh le comhoibriú le chéile agus foghlaim óna chéile; ní gá go dtabharfaí léirmhíniú acadúil ar dhul chun cinn, uaillmhian agus ar bhfeabhsú - tá faisnéis chomhthéacsach maidir le roghnú, cistiú, coibhneas idir daltaí agus múinteoirí, Riachtanais

Speisialta Oideachais, timpeallacht agus tosca socheacnamaíochta ríthábhachtach ó thaobh an rath a mheastar a bheith ar scoil agus ba chóir na tosca sin go léir a chur san áireamh. Ceist bhreisluacha; ní slat tomhais chruinn i leith na díothachta í Teidlíocht i leith Béilí Scoile Saor in Aisce; Is trua nach ndearnadh forbairt ar thréithe cáilíochta nó go ndearnadh faillí orthu sa doiciméad; Ní mór nasc soiléir a chruthú idir na tréithe sin agus na táscairí.

- **Ní leagtar béim go leor ar a thábhachtaí is atá múinteoirí d'ardchaighdeán** - léirigh tuarascáil a d'eisigh an grúpa McKinsey le déanaí gurb í an príomhthréith atá ag scoileanna éifeachtacha ná gur féidir leo múinteoirí ardchaighdeáin a mhealladh chucu agus a choinneáil.

- **Rannpháirtíocht Daltaí** - Caithfidh an Roinn Oideachais aghaidh a thabhairt ar mhéid agus ar cháilíocht rannpháirtíochta dírí na ndaltaí i saol agus in obair a gcuid scoileanna - léiríonn taighde a rinneadh gur beag an pháirt atá ag na daltaí i dTuaisceart Éireann i gceapadh beartas a gcuid scoileanna. Caithfear reachtaíocht a chur i bhfeidhm a chuirfidh iallach ar scoileanna Thuaisceart Éireann comhairlí scoileanna a bhunú a chuirfidh ar chumas daltaí i gcónaí sa ghnáthchúrsa páirt réamhghníomhach a bheith acu maidir lena dtuairimí a nochtadh faoin gcaoi inar féidir a gcuid scoileanna a fheabhsú is araile...

Ceist 2: An aontaíonn tú le liosta na bpríomhcheisteanna ar ghá aghaidh a thabhairt orthu?

D'aontaigh 65% de na freagróirí gurbh iad sin an príomhcheisteanna ar ghá aghaidh a thabhairt orthu ach níor aontaigh 35% díobh leo.

Moltaí Eile a Rinneadh

- Ba chóir go mbeadh páirt ag gach múinteoir i gceannaireacht na scoile (ceannaireacht roinnte) agus ba chóir cigireacht a dhéanamh ar na scoileanna le fáil amach conas mar a n-oileann siad na múinteoirí go hinmheánach faoi ghnéithe ceannaireachta;
- Deimhin a dhéanamh de go leanann daltaí conair oideachais a oireann dóibh agus é sin i scoil a fhreastalaíonn ar an gconair sin;
- Bearta le dul i ngleic le neamhshuim tuismitheoirí;
- Is í an fhadhb is mó a chaithfear a dhíriú uirthi ná a chinntiú go bhfuil cothromaíocht sóisialta ann ó thaobh na ndaltaí a nglactar leo;
- Caighdeán Scoile Sláintiúla;
- Éiteas a chuireann comhionannas deiseanna chun chinn;
- Tábhacht litearthachta agus uimhearthachta i gcás daoine óga a bhfuil lagú éisteachta orthu.

Tráchtanna Ginearálta

- **Ba chóir leagan amach eile a chur ar na príomhcheisteanna:** lena n-ailíniú leis na tréithe sa chuid roimhe, chun tús áite a thabhairt do mhúinteoirí agus do phobail ghairmiúla cleachtais - braithfidh an rath a bheidh ar fheabhsú na scoile sa deireadh thiar ar thiomantas agus ar ghairmiúlacht na múinteoirí;

- **Ba chóir príomhcheisteanna a nascadh le bearta faoi leith níos faide amach sa doiciméad;**

- **Ní mór na ceisteanna seo a mheas mar fho-thacair nasctha le héiteas, feidhmiú, rialachas, ceannaireacht, bainistíocht agus le heispéireas oideachasúil an dalta;**

- **An Ghaelscolaíocht:** Ní thugann an comhairliúchán aghaidh ar an gcaoi a thabharfaidh an Roinn Oideachais tacaíocht don Ghaelscolaíocht amach anseo ná ar na himpleachtaí atá ag a cuid moltaí i gcomhthéacs Gaelscolaíochta.

- **Ní ceisteanna lárnacha iad seo do na scoileanna ach ceisteanna don Roinn Oideachais;**

- **Tá an cosúlacht ar an scéal nach meastar go bhfuil ról tábhachtach ag an múinteoir;**

- **Ní mór soiléiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a chuirfear i bhfeidhm nuair nach bhfuil múinteoireacht sásúil** - tá an iomarca ama agus dua á gcaitheamh le múinteoirí míshásúla - tá sé an-deacair

múinteoir a bhfuil ag teip air nó uirthi a briseadh as a p(h)ost. Ba cheart é a dhéanamh níos fusa.

- **Ní mór a aithint a thábhachtaí is atá sé dea-chleachtas a choinneáil agus a scaipeadh níos faide fós i gcomhthéacs feabhsú scoile;**

- **Níor tugadh aghaidh fós ar thosca a bhfuil tionchar acu ar fheabhsú scoile** - lena n-áirítear méid na ranganna, ceisteanna maoinithe (agus go mór mór an éagothroime chistithe atá idir bunscoileanna agus scoileanna iar-bhunoideachais) agus an iomarca tionscnamh a bheith á gcur i bhfeidhm;

- **Cén chaoi ar féidir leis an bpróiseas cigireachta feabhsuithe agus comhpháirtíocht leis na scoileanna a spreagadh?** - Is mór an strus é nuair a thugann cigirí cuairt ar scoil gach 10 mbliana agus ní i gcónaí a thacaíonn sé le feabhsú na scoile.

- **Ba chóir go mbeadh tagairt don tsochaí ilchultúrtha sa bheartas** - agus go mór mór don ghá atá ann caoinfhulaingt agus cúram do dhaoine eile a fhorbairt sna scoileanna.

- **Ní mór sainmhíniú níos leithne agus níos cruthaithí a thabhairt ar ghnóthachtáil agus gan a bheith ag brath ar chritéir chúnga thorthaí na scrúduithe poiblí** - ba chóir critéir eile a úsáid mar tháscairí feidhmíochta;

- **Scoileanna speisialta** - beidh caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta 'lag' i gcónaí ag na scoileanna speisialta i gcomparáid le caighdeáin na gnáthscoileanna. Cén chaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo?

- **Ról na Múinteoirí** - ní luaitear róil agus freagrachtaí na múinteoirí imeasc na bpríomhcheisteanna ach nach follas don saol gurb iad na múinteoirí na príomhsholáthraithe oideachais sna scoileanna?

- **Múinteoirí Nua/Múinteoirí a Cáilíodh le Deireanas** - rinneadh neamhshuim cuid maith de ról an tsoláthraí Oideachas Bunaidh do Mhúinteoirí de chuid na nInstitiúidí Ard-Oideachais; ba chóir béim i bhfad níos mó a leagadh ar a ról agus ar a bhfreagracht maidir le feabhsú na scoile; caithfear tús áite a thabhairt d'oiliúint múinteoirí nua agus múinteoirí a cáilíodh le deireanas má tá na daltaí sna scoileanna chun tairbhiú de sa bhfadtéarma;

- **Ceannaireacht** - ní mór an sainmhíniú a thugtar ar cheannaireacht agus na samplaí a thugtar air i gcomhthéacs na scoile a chíoradh agus teacht ar chomhaontú fúthu; Tá forbairt agus tacaíocht ag teastáil le cinntiú go mbeidh ceannaireacht d'ardchaighdeán le fáil ar gach leibhéal; Tá sé ríthábhachtach go mbeadh ceannaireacht d'ardchaighdeán ann ach níl sé ar chumas na bpríomhoidí an

cheannaireacht is mian leo a chur ar fáil de bharr na béime atá ar obair pháipéir agus ar thionscnaimh nua; Ba chóir go mbeadh fóram príomhoidí a bhfuil taithí acu ann chun comhairle a sholáthar faoi cheannaireacht; Ní mór oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do phríomhoidí maidir le déileáil le baill foirne nach bhfuil ag feidhmiú go maith; Ní mór aire a thabhairt do ról na Foirne Bainistíochta Sinsearaí mar nach dtugann an Roinn Oideachais sainmhíniú soiléir air, go mór mór chomh fada is a bhaineann sé le monatóireacht agus le meastóireacht a) an churaclaim agus b) saincheisteanna na scoile iomláine faoi mar a léiríodh sa Phlean Forbartha Scoile.

- **Gobharnóirí** - Tá imní ar dhaoine de bharr na n-athruithe atá á ndéanamh ar ról na ngobharnóirí; Ba chóir don Roinn Oideachais athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht Bhord na nGobharnóirí maidir le hiniúchadh agus le treoir a thabhairt; Ní mór oiliúint agus tacaíocht éifeachtach oiriúnach a chur ar fáil do Ghobharnóirí;

- **Rannpháirtíocht Tuismitheoirí** - aontaíodh go raibh ardleibhéil rannpháirtíochta na dtuismitheoirí tábhachtach ach nach bhféadfaí an milleán a chur ar na scoileanna ná ar na múinteoirí mura mbeadh na tuismitheoirí rannpháirteach. Níl leigheas ag an scoil ar a leithéid de scéal.

- **Sonraí** - Ní foláir na sonraí a thabhairt i gcomhthéacs na scoile; níl caighdeán sách ard sna sonraí a thugtar do scoileanna agus ní tugtar luath go leor iad chun go bhféadfaí an tairbhe is fearr a baint astu; Ba chóir a iarradh nach n-úsáidfí Béilí Scoile Saor in Aisce mar phríomhshlat tomhais i leith na díothachta agus go mbeadh scála eile ann a bhainfeadh le riachtanais speisialta; ní mór breisluach a mheas.

Ceist 3: An aontaíonn tú le liosta na bpríomhcheisteanna ar a bhfuil an beartas bunaithe?

D'aontaigh 73% de na freagróirí le liosta na bpríomhcheisteanna; níor aontaigh 27% díobh leis.

Moltaí Eile a Rinneadh

- Gné bhunúsach d'fheabhsú institiúide ar bith is ea a héiteas;
- Daltaí a chur i gcroílár an bheartais - chuirfí fáilte roimh tagairt fhollasach don oideachas dírithe ar an leanbh.
- Déanfar idirghabháil de réir mar is gá.

Tráchtanna Ginearálta

- **Níor leagadh béim go leor ar a thábhachtaí is atá sé dea-chaidreamh a bhunú mar bhealach chun scoil a fheabhsú;**

- **Níor leagadh béim go leor ar chabhrú le scoileanna agus lena bhfoirne** - caithfear na hacmhainní, agus go mór mór an t-am, a thabhairt do na múinteoirí agus do na ceannairí páirt a ghlacadh sa phróiseas;

- **Ní mór béim a leagadh gan stad gan staonadh ar mhúineadh agus ar fhoghlaim;**

- **Ní féidir a rá go bhfuil scoileanna freagrach as na caighdeáin a bhaineann a ndaltaí amach mar tá a lán tosca eile sa treis;**

- **Tá ton diúltach le sonrú sa chaibidil seo** - leis an bhéim a chuireann sí ar chigireacht, ar thearcghnóthachtáil, ar idirghabháil agus ar chuntasacht;

- **Ba chóir níos lú bunphrionsabail a bheith ann agus foclaíocht níos oiriúnaí a úsáid fúthu** - chun go mbeidh siad níos soiléire agus béim níos treise acu;

- **Ba chóir go n-aireofaí i measc na mbunphrionsabal go nglactar leis gurb í idirghabháil luath an straitéis is éifeachtúla;**

- **Ní rud 'criticiúil' í cigireacht má tá feabhsú na scoile ag cur chun cinn na féinmheastóireachta mar rud criticiúil** - b'fhearr a rá gur gné thábhachtach d'fheabhsú na scoile í sa mhéid is go ndearbhaíonn sí go bhfuil ag éirí le próisis na scoile féin;

- **Is féidir gach scoil a fheabhsú ach ní féidir an oiread céanna feabhais a chur ar gach scoil** - tá tosca a bhfuil níos mó dúshlán ag baint leo ag scoileanna áirithe agus ar an ábhar sin ní mór breis tacaíochta a thabhairt dóibh chun na spriocanna seo a bhaint amach;

- **Cur chuige an ghránghunna é seo** - Tarraingíodh anuas 12 phointe agus is é an toradh atá orthu ná go bhfuil an iomarca tionscnamh ann. Cuireann sé seo ar chumas drochcheannairí, príomhoidí agus gobharnóirí scoile dul i mbun oibre ar rudaí tánaisteacha agus cuireann sé ar chumas daoine leithscéalta a cheapadh faoi dhrochfheidhmiú;

- **Leagtar béim ar an leanbh/duine óg a bheith i gcroílár phróisis feabhsaithe na scoile** - cén chaoi a ndéanfar é sin go praiticiúil?

- **Bheadh a lán de na bunphrionsabail oiriúnach dá mbeadh siad mar chuid de chreat luacha cuí** - Ba chóir tagairt a dhéanamh do chód luacha agus cleachtas gairmiúil Chomhairle Ghinearálta Múinteoirí TÉ (GTCNI);

- **Ceannaireacht** - tá dearcadh i bhfad ró-chúng sa doiciméad faoin 'gcineál' ceannaireachta atá riachtanach; Má tá ceannaireacht éifeacht le bheith ag duine ní mór don té sin féinmheastóireacht agus féinmhachnamh a dhéanamh, ach tá athruithe ag teacht chomh te tapa sin go bhfuil sé fíordheacair seans ceart a fháil chun machnamh a dhéanamh, go mór mór i gcás príomhoidí atá ag múineadh. Cuid lárnach den phróiseas feabhsúcháin is ea comhoibriú - ba chóir go mbeadh príomhoidí a léirigh na tréithe riachtanacha ceannaireachta agus an cumas chun an fhoireann agus na daltaí a spreagadh a bheith in ann: tacaíocht a thabhairt don fhoireann i scoileanna nach bhfuil na tréithe sin le fáil iontu agus meantóireacht a dhéanamh orthu, nó poist shubstaintiúla a ghlacadh ina leithéid de scoileanna;

- **Boird Ghobharnóirí** – uaireanta bíonn sé deacair ar scoileanna Gobharnóirí a bhfuil saintaithí acu a mhealladh; tá imní ar dhaoine go mbeidh an iomarca freagrachta ar ghnáthdhaoine agus nach mbeidh siad sásta glacadh leis an dualgas mór seo nach bhfuil pá ar bith ag dul dó; ní thugtar oiliúint do na Boird Ghobharnóirí agus níl sé ar a gcumas a 'ndúshlán' a thabhairt do a lán de chleachtais sna scoileanna - caithfear oiliúint éifeachtach a thabhairt dóibh le cur lena gcumas;

- **Sonraí** - measadh gur leagadh béim rómhór ar shonraí sa doiciméad mar shlat tomhais feidhmíochta. Má tá scoileanna le bheith in ann déileáil go héifeachtach leis na riachtanais atá leagtha síos maidir le sonraí ní mór tacaíocht níos fearr a thabhairt dóibh le cabhrú leo feidhmíocht a mheas agus réimsí a aithint a d'fhéadfaí a fheabhsú agus le cabhrú leo spriocanna a leagadh síos. Is iad na scoileanna féin is fearr atá in ann saincheisteanna a aithint agus an beart breisluacha atá riachtanach a cheapadh trí shonraí bunlíne a úsáid a thuigtear laistigh de **chomhthéacs** na scoile.

Ceist 4: An aontaíonn tú leis na róil agus leis na freagrachtaí atá molta don beartas nua i leith feabhsú scoile?

D'aontaigh 61% de na freagróirí leis na róil agus na freagrachtaí a moladh; Níor aontaigh 39% leo.

Tráchtanna Ginearálta

- **Cén mhuinín ar féidir le príomhoidí agus le foirne a bheith acu as an Údarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS) agus iad ag iarraidh tacaíocht uaidh nuair atá ról ag an eagraíocht chéanna maidir le machnamh a dhéanamh ar a laigí?**

- **Léaráid faoi Róil agus Freagrachtaí** - is mór an trua é gur chosúil go leagann an léaráid ar lch 25 béim níos mó ar róil agus ar fhreagrachtaí ÚOS, na Roinne Oideachais agus na Cigireachta Oideachais agus Oiliúnas (COO) ná ar róil agus ar fhreagrachtaí na scoileanna. Tagann sé seo salach ar chroílár an bheartais a leagann síos gurb iad na scoileanna féin a dhéanfaidh an feabhsú a stiúradh;

- **Tá ualach millteach á leagadh ar an ÚSO sula dtéann sé i mbun oibre ar chor ar bith; ní mór é a bhunú i gceart sula dtugann sé faoi na róil a shainítear dó;**

- **Ba chóir go mbeadh an tsaoirse ag scoileanna aghaidh a thabhairt ar saincheisteanna feidhmíochta má tá siad le bheith freagrach as a bhfeidhmíocht féin** - táthar imithe thar fóir ar fad leis an méid freagrachta agus maoirseachta atá á shamhlú.

- **Ní dhearnadh tagairt ar bith do ról na Comhairle Ginearálta Teagaisc** -ná dá foilseachán 'Teaching the Reflective Profession';

- **Tuarascálacha glana soiléire le soláthar faoi scoileanna faoi leith** - d'fhéadfaí áitiú gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar fhormáid na dtuarascálacha cigireachta chun na Táscairí Cáilíochta a léiriú;

- **Cáilíocht na tacaíochta a chuireann an tÚdarás Oideachais agus Scileanna ar fáil** - caithfidh taithí ghairmiúil sa seomra ranga agus i mbainistíocht oideachais a bheith acu siúd atá páirteach ag leibhéal ÚSO/BOL;

- **Ní mór soiléiriú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir róil COO agus ÚSO** - ábhar imní iad na róil faoi leith atá ag ÚSO agus COO - cén chaoi a ndéanfaidh siad comhlánú ar obair a chéile agus dúbailt saothair a sheachaint? Níor aontaíodh go ndéanfaí freagrachtaí COO a chomhchuimsiú i bhfreagrachtaí an ÚSO;

- **Ní cosúil go gcuirtear na scoileanna speisialta san áireamh sa bheartas seo;**

- **Ról na n-eagraíochtaí earnála** - ba chóir an ról a shoiléiriú; ní léir cad iad na heagraíochtaí earnála a bheidh ann agus cén chaidreamh a bheidh acu le COO, le ÚSO agus leis an Roinn Oideachais;

- **Tá sé ríthábhachtach go mbeadh ionchur suntasach ag ceannairí scoileanna maidir leis an gcaoi ina gcuireann siad na róil seo i bhfeidhm** - le cinntiú go bhfreastalaíonn ÚSO/an Roinn Oideachais ar riachtanais na scoileanna;

- Tá **straitéis chun 'an Bhearna a Líonadh'** riachtanach chun an bhearna atá idir ghnóthachtáil daltaí ó chúlraí níos boichte agus a bpiaraí ó chúlraí níos gustalacha a líonadh;

- **Is follas don saol nach soiléir na róil agus na freagrachtaí faoi mar a shainmhínítear iad sa doiciméad** - is cosúil go bhforluíonn róil na Roinne Oideachais, COO agus ÚSO ar a chéile agus is cosúil gur tugadh ról imeallach don COO.

- **Rinneadh neamhshuim iomlán de ról na nInstitiúidí Ard-Oideachais cé go dtacaíonn siad le hoiliúint agus le forbairt bunaidh agus leanúnach foirne;**

- **Ba chóir oiliúint a thabhairt do BOLanna, do Bhoird Ghobharnóirí agus do cheannairí scoileanna maidir le dea-chaidreamh agus cothroime, agus an rud céanna a chur ar fáil don ÚSO nuair a bhunófar é;**

- **Ba chóir go mbeadh cuntas imlíne sa chuid seo ar róil agus ar fhreagrachtaí leanaí agus daoine óga maidir le feabhsú scoileanna;**

- **Boird Ghobharnóirí** - táthar in amhras go n-éireoidh lena lán Bord Gobharnóirí na freagrachtaí iomadúla atá mar chlocha muilinn orthu a chomhlíonadh; is aisteach an rud é go mbeifí ag súil go bhfeidhmeodh eagraíocht neamh-ghairmiúil ar mholtaí gairmiúla daoine eile - b'fhéidir go mbeadh sé níos feiliúnaí dá ndéanfadh ÚSO na bearta cinniúnacha. Tá sé de cheart ag na Boird daoine a fhostú. Ba chóir go mbeadh siad in ann iad a bhriseadh as a bpost freisin. Ceart bunúsach é seo agus má mhéadaítear freagrachtaí gan an ceart seo a thabhairt dóibh bainfidh sé an bonn uaidh ról na ngobharnóirí.

- **Is ón bharr anuas an cur chuige seo, rud nach bhfuil iomlán feiliúnach, agus tugann sé le fios gur mhian le daoine ceannas a bheith acu;**

- **Is maith an rud é go n-aithnítear gurb ar an scoil atá an fhreagracht bhunaidh ach tugann an chuid eile den chaibidil le fios nach gcreideann an Roinn é sin i ndáiríre.**

Ceist 5: An aontaíonn tú gur bearta oiriúnacha iad na bearta a aithníodh chun féinmheastóireacht agus pleanáil forbartha scoile a éascú agus/nó go bhfuil siad riachtanach?

Dúirt 79% de na freagróirí go raibh na bearta oiriúnach; níor aontaigh 21% leo.

Tráchtanna Ginearálta

- I gcás aon **phacáiste oiliúna** maidir le ceannaireacht scoile ba chóir go mbeadh ionchur suntasach ann ar gach leibhéal ag ceannairí reatha scoile, agus ba chóir go gcuirfeadh baill foirne a raibh taithí acu le déanaí ar cheannaireacht scoile an oiliúint ar fáil;

- Tá príomhoidí fós ag iarraidh dul i ngleic leis na riachtanais iomadúla atá ann de thoradh **an athbhreithnithe is deireanaí a rinneadh ar riachtanais na bPleananna Forbartha Scoile** - is cosúil mar sin go mbeadh sé róluath athruithe eile a dhéanamh. Má tá athruithe le déanamh, áfach, ba chóir go mbeadh páirt iomlán ag ceannairí scoileanna in aon tsamhail a cheapfar;

- Beidh sé an-deacair, nó fiú dodhéanta, a lán gnéithe a bhaineann leis an b**próiseas féinmheasúnaithe** a mheas agus a thomhas. In ainneoin sin, tá na modhanna a mholtar claonta go soiléir i dtreo na ngnéithe intomhaiste;

- Cuid lárnach d'fheabhsú is ea **tiomantas d'fhorbairt foirne**. Ba chóir go n-áireofaí leis seo teagmháil le cúrsaí taighde - feasach - cleachtas trí bhaint a bheith ag Institiúidí Ard-Oideachais i soláthar agus i gcreidiúnú Forbartha Ghairmiúil Leanúnaí.

- Cúis imní do scoileanna speisialta is ea go ndéanfar **laghdú ar cháilíocht na hoiliúna speisialtóireachta agus oiliúna a bheidh ar fáil**; Ní mór go mbeadh an t-eolas cuí ag aon bhall foirne a cheaptar le tacú le scoileanna speisialta sa réimse seo agus agus cúlra aige nó aici san Oideachas Speisialta;

- Bheadh sé i bhfad ní b'fhusa **pleanáil maidir le forbairt scoile** a dhéanamh dá mb'ionann an bhliain airgeadais agus an bhliain scoile;

- Moltar go tréan go n-úsáidfí pacáiste TF nó bogearra a d'fhéadfadh na scoileanna go léir é a úsáid mar theimpléad **pleanála maidir le forbairt scoile**;

- Tá sé práinneach go mbreathnófaí ar **oideachas tosaigh múinteoirí.** Ní sé sásúil ar chor ar bith nach mbeadh aon eolas ag múinteoirí nua ar an gCuraclam Athbhreithnithe - ábhar mhór imní é freisin go bhfuil daoine freagrach as oiliúint ábhar múinteoirí agus gan aon taithí ranga acu le 10 nó 20 bliain anuas;

- Ba chóir go mbeadh oiliúint agus taithí chuí ag **baill foirne a thacaíonn le scoileanna**;

- Ní leor **pacáistí oiliúna** - ní mór tacaíocht leanúnach inbhuanaithe a fhorbairt freisin;

- Tá foilseacháin maidir le **féinmheasúnú** (Together Towards Improvement) á n-úsáid ag scoileanna chomh maith le **pleanáil maidir le forbairt scoile**. Bheadh sé ciallmhar na doiciméid seo ar a bhfuil scoileanna eolach a athbhreithniú seachas ábhair atá go hiomlán nua a thabhairt isteach;

- Ba chóir **scóip Plean Forbartha Scoile (PFS)** a laghdú chun líon beag straitéisí a áireamh atá indéanta, suntasach agus fiúntach go bunúsach;

- **Caithfear naisc shoiléire a dhéanamh idir Oideachas Tosaigh Múinteoirí, Ionduchtú, Forbairt Ghairmiúil Luath (*Early Professional Development* - EPD), Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, (*Continuous Professional Development* - CPD) srl.** Ar an dóigh seo, beidh fócas soiléir ag gach páirtí maidir lena n-aidhm choitianta – chun deiseanna agus torthaí foghlama níos fearr a sholáthar dá leanaí;

- Níor chóir go mbeidís seo bunaithe faoin struchtúr reatha BOL. Ba chóir é a dhéanamh i gceart má tá sé tábhachtach .i. mar **cheann de chéad ról ÚSO;**

- Tá **deiseanna forbartha gairmiúla ardchaighdeáin do bhainisteoirí láir agus do fhoirne ceannaireachta sinsearaí** fíor-riachtanach.

- Caithfidh an **gairmí feabhsúcháin scoile atá beartaithe** a bheith ina dhuine le stádas maith atá ábalta meas agus muinín na scoile ábhartha a thuilleamh.

Ceist 6: An aontaíonn tú gur bearta oiriúnacha/riachtanacha iad na bearta a aithníodh chun ceannaireacht sna scoileanna a fheabhsú? An bhfuil cinn eile ann?

Dúirt 73% de na freagróirí go raibh na bearta oiriúnach; níor aontaigh 27% leo.

Moltaí Eile a Rinneadh

- Ba chóir go mbeadh dualgas éigeantach ar gach **Príomhoide nua cáilíocht ceannaireachta** a bhaint amach laistigh de thréimhse 3 bliana ón uair a thosaítear sa phost;
- Déan **struchtúr pá Foirne Bainistíochta Sinsearaí** a athbhreithniú chun tuarastail a thairiscint atá i gcomhréir leis an ardleibhéal freagrachta;
- Cinntigh **difríochtaí pá idir múinteoirí VP agus UPS3** chun ceannairí ardchaighdeáin a mhealladh;
- Caithfidh an **lámhleabhar** tacaíocht a fháil ó oiliúint ardchaighdeáin atá cistithe i gceart.

Tráchtanna Ginearálta

Príomhoidí:

- **Ní chuideoidh áitiú go bhfuil cáilíocht cheannaireachta/bainistíochta ag príomhoidí ann féin leis an bhfadhb a réiteach** – bheadh sé i bhfad níos luachmhaire cláir cheannaireachta agus bhainistíochta a chur chun cinn agus a fhógairt sna scoileanna;

- **Ba chóir don Roinn Oideachais smaoineamh faoi thréimhse ionduchtaithe éigeantach do phríomhoidí nua** – .i. ceann ina bhfuil siad ábalta príomhoidí reatha a scáthú agus clár meantóireachta a iontráil;

- **Tá cláir forbartha éifeachtacha ag teastáil don bhainistíocht láir** - ba chóir don ÚOS a bheith ag soláthar tacaíochta do fhorbairt scileanna meánbhainistíochta freisin;

- **Ba chóir don iontráil do Cháilíocht Ghairmiúil do Phríomhoidí TÉ a bheith níos déine** – ba chóir go mbeadh 7 mbliana taithí múinteoireachta ar a laghad ag iarratasóirí sula n-áireofaí don chúrsa iad;

- **Struchtúr gairme a fhorbairt do cheannairí scoile**. Déan iad a cheapadh go lárnach, iad a bhogadh gach 7 mbliana agus bain leas as na láidreachtaí a fhorbraíonn siad ó bheith nochtaithe do raon cásanna;

- **Athbhreithniú ar scéim PRSD do phríomhoidí**. Ní dhéanann sí na riachtanais a chomhlíonadh. Níl comhairleoir seachtrach nach gcasann leat ach dhá uair in aghaidh na bliana mar thacaíocht don Bhord Gobharnóirí ná don Phríomhoide;

- **Tá fadhb ag méadú maidir le hearcú agus coinneáil na gceannairí scoile ag gach leibhéal laistigh de mhórán scoileanna** - tá breis tacaíochta éifeachtaí do Phríomhoidí reatha ag teastáil go háirithe;

- **Ba chóir go mbeadh foireann sna scoileanna ábalta rochtain a fháil ar chontanaim d'oiliúint oideolaíochta agus ceannaireachta** lena n-áirítear: oideachas tosaigh múinteoirí; múinteoirí tosaigh/ionduchtú/forbairt ghairmiúil luath; Forbairt Ghairmiúil Leanúnach lena n-áirítear Cáilíocht Ghairmiúil don Cheannaireacht; Cáilíocht Ghairmiúil do Phríomhoidí; ionduchtú do phríomhoide nua; clár forásach um oiliúint scileanna do ghobharnóirí;

- **Ba chóir forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach na múinteoirí a fhorbairt ar bhealach a théann i ngleic leis an 27 inniúlacht atá soláthraithe ag Comhairle Ghinearálta Múinteoirí TÉ (GTCNI)** a chuireann feabhas ar ghairm na múinteoireachta;

- **An Roinn Oideachais/an tAonad Oiliúna Réigiúnach le 'bosca uirlisí ceannaireachta' Gaelscolaíochta ar leith a tháirgeadh le treoracha maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an nGaelscolaíocht;**

- **Caithfear stíl ceannaireachta a fhógairt atá in iomchuí leis na pobail chleachtais ghairmiúla** – bainfidh ceannaireacht uathlathach láidir an bonn as an bhfeabhsúchán scoile inmhianaithe atá an beartas seo ag iarraidh a chruthú;

- **Déan múnla an Cháilíochta Gairmiúla do Phríomhoidí a athbhreithniú go seachtrach** – an ndéanann sé ciall an oiread sin acmhainní a infheistiú in oiliúint 'múinteoirí' nach mbeidh riamh ina bPríomhoidí, seachas i bhforbairt agus i dtacaíocht na ndaoine sin atá ceaptha? An bhfuil 'cáilíocht' a fuarthas roinnt blianta ó shin mar riachtanas oiriúnach don cheapachán?

- **Easaontú ar cheist maidir le Cáilíocht Ghairmiúil do Phríomhoidí a bheith mar cháilíocht éigeantach** – cuireann freagróirí áirithe i gcoinne na moltaí cé go dtacaíonn daoine eile leo;

- **Easpa tagartha don scéim Athbhreithnithe Feidhmíochta um Fhorbairt Scoileanna sna scoileanna agus an nasc díreach le forbairt ghairmiúil;**

- **Ba chóir a bheith cúramach gan Príomhoidí reatha a bhfuil scileanna cruthaithe ceannaireachta agus bainistíochta acu a eisiamh cé go mb'fhéidir nach bhfuil Cáilíocht Ghairmiúil do Phríomhoidí acu**. Chuirfí bac orthu bogadh ó phost amháin go post nua dá mbeadh an riachtanas i gceist;

- **Tá athbhreithniú ar scóip agus ábhar na gclár ceannaireachta agus bainistíochta reatha riachtanach;**

- Aitheantas neamhleor ar réimse foinsí ceannaireachta agus forbartha bainistíochta. **Tá soláthraithe Institiúide Ard-Oideachais an Oideachais**

Bhunaidh do Mhúinteoirí bainteach cheana féin le cláir dhúshlánacha bunaithe ar chleachtas teoiriciúil iontaofa;

- **Ba chóir go n-áireofaí oiliúint ceannaireachta le bunoiliúint múinteora agus ba chóir leanúint di le linn forbartha leanúnaí gairme.**

Boird Gobharnóirí

- **amhras**- is í an cheist phráinneach ná cén chaoi ar féidir breis gobharnóirí d'ardchaighdeán a fháil a bhfuil an-spéis acu san obair agus atá sásta glacadh leis na dualgais agus na freagrachtaí go léir.

- **Cé go mbeadh lámhleabhar nua do ghobharnóirí scoile úsáideach ba chóir go mbeadh sé éigeantach do Ghobharnóirí oiliúint a fháil** maidir le caighdeáin a shocrú, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus múineadh agus foghlaim éifeachtach a chinntiú i gcomhthéacs an churaclaim athbhreithnithe;

- **Déanfar athstruchtúrú ar an mBord Gobharnóirí an bhliain seo chugainn**. Ní bheidh baill ábalta na róil atá sonraithe a ghlacadh – beidh mórán daoine ann gan chúlra in oideachas ná in athbhreithniú feidhmíochta.

- **Tá ról breisithe le tabhairt do ghobharnóirí agus d'fhéadfadh sé iad a thabhairt i gcoimhlint le gairmithe eile a oibríonn sa scoil.** Ba chóir do dhaoine a ghlacann leis an ról seo oiliúint ardchaighdeáin agus cúiteamh airgid a fháil agus dul trí phróiseas roghnúcháin;

- **Ba chóir don lámhleabhar nua do ghobharnóirí róil na ngobharnóirí a thógáil san áireamh ag brath ar an gcineál scoile atá i gceist** (m.sh. ról an ghobharnóra ag scoil GMI).

Ceist 7: An aontaíonn tú gur bearta oiriúnacha/riachtanacha iad na bearta a aithníodh chun rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus an phobail a fheabhsú?

D'aontaigh 75% leis na bearta a aithníodh; bhí 25% nár aontaigh.

Tráchtanna Ginearálta

- **Ba chóir a aithint nach bhfuil gach tuismitheoir toilteanach an leibhéal rannpháirtíochta atá ag teastáil a thabhairt;**

- **Tá easpa moltaí ann faoi mbealach le teagmháil a dhéanamh le daoine atá faoi mhíbhuntáiste cheana féin agus gur deacair cumarsáid a dhéanamh leo;**

- **Tá riachtanas breise ann go n-oibreodh na ranna rialtais uile le chéile chun déileáil le riachtanais na dteaghlach.** Sláinte, oideachas agus ról na seirbhísí sóisialaigh – ba chóir go mbeadh a gcuid beartas ar fad nasctha le chéile;

- **Ba chóir an téarma 'tuismitheoirí/caomhnóirí' a úsáid seachas tuismitheoirí amháin, rud a bheadh níos uileghabhálaí sna cúinsí ar fad;**

- **Ba chóir dea-chleachtas ón chlár scoileanna méadaithe a scaipeadh go forleathan agus a mhaoiniú mar is cuí;**

- **Feachtas poiblíochta/meáin chun faisnéis a thabhairt do thuismitheoirí maidir leis an difríocht gur féidir lena gcuid rannpháirtíochta a dhéanamh maidir le hoideachas/sóisialú a gcuid leanbh srl...;**

- **Tá leatrom a dhéanamh ar scoileanna a bhfuil clár cuimsitheach scoileanna méadaithe soláthraithe acu óna mbuiséad féin, rud a mheallann rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus an phobail, trí bheith eisiata ó chistiú atá ar fáil sa Chlár Scoileanna Méadaithe;**

- **Níl na hacmhainní ná na foirgnimh ag mórán scoileanna chun clár méadaithe a sholáthar;**

- **Ní raibh aon mholadh ann faoi chumhacht a thabhairt do thuismitheoirí mar chomhfhoras.** B'fhéidir gur tús maith a bheadh ann maidir leis an éagothroime seo a leigheas dá mbunófaí eagraíocht tacaíochta earnála le haghaidh tuismitheoirí;

- **Caithfear an rannóg a leathnú chun soiléiriú a dhéanamh ar róil agus ar rannpháirtíocht fhéideartha na dtuismitheoirí agus an phobail maidir le gnóthachtáil sna scoileanna a fheabhsú;**

- **Ba chóir don Roinn Oideachais taighde a dhéanamh ar na deiseanna méadaithe do rannpháirtíocht tuismitheora agus an phobail sna scoileanna.** Beidh dualgas ar an ÚSO ansin cabhrú le scoileanna chun pleananna gníomhaíochta a fhorbairt a bhaineann leis an scoil agus na cúinsí aonair;

- **Leagtar an-bhéim ar fhreagrachtaí na scoile do thuismitheoirí agus níl mórán béime leagtha ar fhreagrachtaí na dtuismitheoirí chun tacú leis an obair atá á déanamh sa scoil le hoideachas a chur ar a leanbh/leanaí.** Is cúis imní atá anseo agus tugann sé comhpháirtíocht aontaobhach le fios.

Ceist 8: An aontaíonn tú leis na bearta atá beartaithe le tógáil chun úsáid sonraí sna scoileanna a fheabhsú?

D'aontaigh 71% leis na bearta a aithníodh; bhí 29% nár aontaigh.

Tráchtanna Ginearálta

- **Níl socrú spriocanna oiriúnach i scoileanna do leanaí le deacrachtaí foghlama speisialta** toisc nádúr aonair an phobail sna scoileanna ar leith;

- **Ba chóir tuilleadh béime a leagan ar an ról riachtanach atá ag tréadchúram maith maidir le folláine agus leas mothúcháin agus rath na ndaltaí ar deireadh;**

- **Tá sraith leathan critéar ag teastáil a chinnfidh conas a dhéanfar luach breise a aithint agus a thomhas;**

- **Tá oiliúint chuí riachtanach do mhúinteoirí, ghobharnóirí srl maidir le húsáid éifeachtach na sonraí/socrú spriocanna srl.;**

- **Ba chóir go mbeadh úsáid sonraí chun feidhmíocht a fheabhsú mar chuid lárnach de chlár oideachais tosaigh múinteoirí;**

- **Cumhdóidh ró-thuilleamaí ar shonraí agus ar mholtaí tábla léige tábhacht an dalta.** D'fhéadfadh béim phríomhúil ar shocrú spriocanna agus ar thagarmharcáil a bheith díobhálach dá bhforbairt acadúil agus dá bhforás mothúchánach;

- **Tá uirlisí measúnaithe éifeachtacha maithe ag teastáil go géar sna Gaelscoileanna chun tástáil chaighdeánach a éascú.** Teastaíonn raon níos leithne uirlisí mar seo ó Ghaelscoileanna, cosúil leis na cinn atá ar fáil san earnáil trí mheán an Bhéarla;

- **Tá sé fíor-dheacair dianshraith táscairí a aithint do bhunscoileanna TÉ nuair nach bhfuil measúnuithe ann atá socraithe agus marcáilte go seachtrach;**

- **Tá tábhacht le scaipeadh dea-chleachtais laistigh agus lasmuigh de scoileanna agus tugtar tacaíocht do chruthú láithreán gréasáin taighde agus dea-chleachtais.** Is féidir le *Learning Northern Ireland* tacaíocht a thabhairt don obair seo, ach caithfear a bheith oscailte do smaointe a roinnt sa réimse oideachais níos leithne a sholáthraítear trí an Idirlín;

- **Is gá aitheantas a thabhairt do chúinsí aonair na scoileanna;**

- **Ní mór tosca níos iontaofa ná Béilí Scoile Saor in Aisce a aimsiú le go n-oibreoidh sé seo.** Gan a leithéidí, beidh sé deacair córas cothrom a phróiseáil go héifeachtach do leanaí uile na scoileanna ar fad;

- **Tá bunlíniú na ndaltaí sna príomhchéimeanna mar dhúshlán ar leith a bheidh roimh scoileanna.** Caithfear sonraí na ndaltaí a aistriú ar shlí chruinn iontaofa ó bhunscoileanna go hiarbhunscoileanna;

- **Ba chóir do thráscairí cáilíochta a bheith mar bhunús don fhéinmheasúnú scoile agus do chigireacht freisin** – ciallaíonn sé seo go bhfuil 'toradh na cigireachta' mar ráiteas straitéiseach seachas táscaire cúng;

- **Conas a chuirfí sraith choitianta de tháscairí feidhmíochta i bhfeidhm maidir le gach scoil**; iad a ualú mar is cuí agus tionchair shóisialta agus tionchair na timpeallachta seachtraí a thógáil san áireamh?

- **Aithnítear tábhacht agus luach an féinmheasúnaithe, ach tá imní curtha in iúl faoi am agus airgead a bhainfidh le tiomsú agus anailísiú na faisnéise atá riachtanach;**

- **Ba chóir don ÚOS córas tagarmharcála a bhunú a bhaineann leas as sonraí atá stiúrtha ag spriocanna agus a thacaíonn leis an 'mbearna straitéise a líonadh';**

- **Má tá comhoibriú ag teastáil leis an gcreat teidlíochta a sheachadadh, cén fáth mar sin nach ndéantar bearta feidhmíochta a mheas a dhéanfaidh iarracht tionchar an chleachtais chomhoibrigh a aithint, agus b'fhéidir fiú cleachtas comhoibríoch a spreagadh?**

- **Níl na bearta molta seo oiriúnach nó riachtanach i gcomhthéacs tháscairí cáilíochta reatha COO in 'Together Towards Improvement'** – ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na táscairí seo agus iad a bheith feidhmithe go comhsheasmhach ag na páirtithe leasmhara ar fad.

Ceist 9: An aontaíonn tú gur chóir go mbeadh comhthacar táscairí feidhmíochta agus comhthéacs do gach scoil?

D'aontaigh 75% de na freagróirí gur chóir go mbeadh comhthacar táscairí feidhmíochta/comhthéacs; níor aontaigh 25% leis.

Tráchtanna Ginearálta

- **Cuirfidh na moltaí iallach ar scoileanna díriú ar na nithe intomhaiste chun aimhleasa ghnéithe níos leithne na scoileanna a bhaineann le luach**: m.sh. cuairt oideachasúil srl.

- **Tá an iomad sonraí san doiciméad** – agus mar thoradh air sin tá easpa béime ar mhúineadh ar ardchaighdeán agus ar fhoghlaim éifeachtach a sholáthar;

- **Ní mór d'úsáid faisnéise comhthéacsúla a bheith ina cuid de bheartas ar bith um fheabhsú scoileanna;**

- **Tá an doiciméad seo go mór i bhfabhar sonraí cainníochtúla** ach iarrfaidh an curaclam athbhreithnithe ar scoileanna smaoineamh ar fhoghlaim agus ar mhúineadh ar bhealach níos iomlánaíche agus ba chóir go mbeadh meastóireacht, measúnacht agus sonraí níos cáilíochtúla mar thoradh ar seo;

- **Tá gach scoil difriúil agus mar sin ní cosúil go mbeadh 'comhthacar' oiriúnach.** D'fhéadfadh tacar ónar féidir táscairí a roghnú ag leibhéil éagsúla srl. a bheith infheidhme;

- **Trí dhíriú go leanúnach ar na cineálacha táscairí seo bíonn ar mhúinteoirí am a chaitheamh ar shonraí, ach le múineadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach caithfear níos mó ama a chaitheamh leis na daltaí seachas ar mhaorlathas, rud nach gcuireann leis an timpeallacht teagaisc ná nach gcuireann feabhas uirthi;**

- **Caithfidh dlúthbhaint a bheith idir na táscairí agus na saintréithe atá á bhforbairt;**

- **Ba chóir go mbeadh ceannairí scoile agus Boird Ghobharnóirí páirteach i gcruthú táscairí oiriúnacha agus i gcomhaontú maidir leo;**

- **Níor chóir a leithéid de tháscairí a úsáid ar bhonn amhshonraí chun comparáidí a dhéanamh.**

Ceist 10: An aontaíonn tú leis an tacar tosaigh táscairí do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna?

D'aontaigh 64% de na freagróirí leis an tacar tosaigh táscairí; níor aontaigh 36%.

Moltaí Eile a Rinneadh

- **Ceannaireacht;**
- **Beart breisluacha;**
- **Éiteas na scoile mar a léirítear é le cáilíocht an chúraim agus soláthar tréadach agus tacaíocht do dhaltaí;**
- **Folláine agus sláinte mhothúchánach na ndaltaí;**
- **Comhairlí scoile éifeachtacha;**
- **Cothromaíocht shóisialta iontógáil na scoile;**
- **lompar na ndaltaí;**
- **Forbairt gairmeacha;**
- **Fianaise ar chuimsiú agus ar éagsúlacht;**
- **Fianaise ar fhor-rochtain, obair thrasphobail;**
- **Fianaise ar scaipeadh an dea-chleachtais lasmuigh den scoil;**
- **Fianaise ar ghuth na ndaltaí;**
- **Leibhéil rannpháirtíochta na dtuismitheoirí agus an phobail;**
- **Leibhéil inbhuanaitheachta, saincheisteanna maidir le lorg carbóin;**
- **Leibhéil chothaithe stíleanna sláintiúla maireachtála;**
- **Fianaise ar thacaíocht do leanaí atá i mbaol agus do leanaí a bhfuil fadhbanna mothúchánacha acu;**
- **Sonraí maidir le daltaí 1, 2, agus 3 bliana i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil;**
- **Daltaí a fhágann an scoil go luath.**

Tráchtanna Ginearálta

- **Tá gach scoil difriúil agus mar sin ní cosúil go mbeadh 'comhthacar' oiriúnach.** D'fhéadfadh tacar ónar féidir táscairí a roghnú ag leibhéil éagsúla srl. a bheith infheidhme;

- **Caithfear tosaíocht níos mó a thabhairt do thréadchúram;**

- **Caithfear a thuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh d'fhonn na táscairí is fearr agus is oiriúnaí a aithint;**

- **Tá cóiríocht, tinreamh agus glacadh le gníomhaíochtaí seach-churaclaim go léir lasmuigh de rialú na scoile;**

- **Caithfear scéim phíolótach a úsáid chun éifeachtacht na dtáscairí molta a mheasúnú agus caithfear í a athrú mura n-oibríonn sí.** Ní mór di seo raon leathan scoileanna a chuimsiú i gcomhthéacsanna éagsúla sóisialta, eacnamaíocha agus acadúla;

- **Caithfear tacaíocht agus treoir ar leith a chur in oiriúint do phlé le saincheisteanna naíolainne;**

- **Ní aontaím in aon chor len a lán de na táscairí seo;**
- **Ní aontaím le leibhéil fionraí agus díbeartha a úsáid.** Ní féidir ach gearáin a seasadh leo go dlisteanach i gcoinne scoileanna a chur san áireamh i dtáscairí ar bith a úsáideann gearáin mar tháscaire;

- **Is gá bearta bunlíne a aithint go soiléir maidir le: díothacht shóisialta/iontógáil daltaí srl.** má tá bearta breisluacha le bheith éifeachtach chun éifeachtacht scoileanna a thomhas nó a mheas;

- **Tá na táscairí reatha níos oiriúnaí d'iarbhunscoileanna;**

- **Tá meicníocht chomhaontaithe chun feidhmíocht i mbunscoileanna a mheas ríthábhachtach;**

- **Tá gá le béim níos sainiúla ar earnáil na naíscolaíochta;**

- **Níl aon táscaire a luann an cheannaireacht go díreach** – feictear dúinn go dtéann sé seo in éadan na saintréithe agus na bprionsabal a luadh cheana féin sa doiciméad.

- **Ní mór go dtabharfadh tuiscint ar 'shocruithe comhoibritheacha' aitheantas do nádúr agus raon geografach na Gaelscolaíochta;**

- **Caithfear béim níos mó a chur ar leas na ndaltaí;**

- **Bhí imní faoi 'gearáin maidir le scoil' a úsáid, déantar gearáin faoi gach eagraíocht.** Conas a ndéanfar bailíocht na ngearán a mheas?

- **Tá sé ríthábhachtach go mbailítear faisnéis ar leibhéil ghnóthachtála daoine óga lagéisteachta agus go bhforbraítear caighdeáin seirbhíse agus táscairí cáilíochtúla maidir le daoine óga lagéisteachta a mhúineadh d'fhonn eolas a thabhairt a chuideoidh le feabhsú scoileanna;**

- **Ba chóir táscairí gnóthachtála comparáideacha a chur san áireamh do leanaí lagéisteachta i gcomparáid lena gcomhpháirtithe a bhfuil éisteacht iomlán acu.** Ba chóir go mbeadh gach scoil in ann tionchar a cuid múinte ar dhaoine óga lagéisteachta a thomhas;

- **Ba chóir go mbeadh na táscairí ag eascairt as fís atá curtha i láthair go soiléir – cén fáth nach féidir iad seo a bhunú ar an 8 inniúlacht AE ar a d'aontaigh <u>gach rialtas AE</u>?**

- **Tá imní faoi roinnt de na táscairí a bheith an-suibiachtúil** m.sh. deacrachtaí caidrimh leanúnacha laistigh den scoil;

- **Ba chóir don Roinn Oideachais rangú a dhéanamh ar na táscairí i dtreo is go léireoidh feidhmíocht na scoile scór ualaithe díorthaithe ó**

na táscairí éagsúla - tá roinnt táscairí níos tábhachtaí ná cinn eile m.sh. tá 'feidhmíocht i scrúduithe poiblí' níos tábhachtaí ná 'cáilíocht na cóiríochta'

- **Tá imní faoin bhfianaise theoranta ar chur chuige an bheartais atá dírithe ar an leanbh a bheith san áireamh sna táscairí cáilíochta.**

Ranna, Boird Oideachais agus Leabharlann (BOLanna) & Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil, Ceardchumainn Múinteoirí, Údaráis Bhainistíochta, Comhlachtaí Reachtúla agus Eagraíochtaí Gnó

1. Cumann Múinteoirí agus Léachtóirí Thuaisceart Éireann
2. BOL Bhéal Feirste (BOLBF) (Gerry McGuiness)
3. CCMS (Jim Clarke) (Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil)
4. Comhairle na Gaelscolaíochta (GNAG)
5. An Chomhairle um Chaidreamh Pobail
6. An Roinn Fostaíochta agus Foghlama (RFF)
7. An Roinn Forbartha Sóisialta (RFS)
8. Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart Éireann (GTCNI)
9. Cumann na gComhlachtaí Rialaithe
10. Cumann Múinteoirí Éireann (Brainse Charraig Fhearghais/Bhaile na Mainistreach/Latharna)
11. Cumann Múinteoirí Éireann (Coiste Dúiche 1)
12. Cumann Múinteoirí Éireann (Frank Bunting)
13. Institiúid na Stiúrthóirí
14. Invest Northern Ireland
15. An Ghníomhaireacht um Chaidreamh Oibreachais
16. Cumann Náisiúnta Príomhoidí Thuaisceart Éireann
17. National Association of Schoolmasters Union of Women Teachers (NASUWT) (Cumann Náisiúnta Cheardchumann na Máistrí Scoile do Mhúinteoirí Mná)
18. BOL an Oirthuaiscirt (Gordon Topping)
19. Coiste Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann
20. Coimisinéir Thuaisceart na hÉireann um Leanaí agus Daoine Óga
21. NIPSA (Comhaontas Sheirbhís Phoiblí Thuaisceart Éireann)
22. BOL an Oirdheiscirt (Alice Lennon)
23. Cumann na bPríomhoidí Scoileanna Imeasctha
24. Comhairle Ionadaithe na nAistreorí)
25. Aontas Múinteoirí Uladh
26. BOL an Iarthair/ BOL an Deiscirt (Paddy Mackey)

Scoileanna Gramadaí

27. Abbey Christian Brothers GS 542-0059
28. Aquinas Diocesan GS 142-0277
29. Antrim GS 341-0209
30. Banbridge Academy 541-0013
31. Cambridge House GS 341-0297
32. Cambridge House GS 341-0297 - freagra breise
33. Down HS 441-0085
34. Enniskillen Collegiate GS 241-0040
35. Glenlola Collegiate GS 441-0097
36. Grosvenor GS 141-0079

37. Hunterhouse College 142-0265
38. Loreto College, Cúil Raithin 342-0034
39. Methodist College 142-0022
40. Portadown College 541-0067
41. Rainey Endowed School
42. St Colman's College, Iúr Cinn Trá 542-0062
43. St Louis GS, Cill Chaoil 542-0045
44. St Patrick's Academy 542-0304
45. Sullivan Upper School 442-0044
46. The Royal Belfast Academical Institution (RBAI) (Institiúid Acadúil Ríoga Bhéal Feirste) 142-0027
47. The Royal Belfast Academical Institution (RBAI) (Institiúid Acadúil Ríoga Bhéal Feirste) 142-0027 - freagra breise
48. The Royal School Armagh 542-0263
49. Thornhill College 242-0052
50. Coláiste Victoria, Béal Feirste 142-0264
51. Wallace HS 442-0051

Scoileanna Neamhroghnacha

52. Aughnacloy College 521-0153
53. Brownlow Integrated College 525-0216
54. Castle HS 121-0258
55. City of Armagh HS 521-0121
56. Clounagh Junior HS, Port an Dúnáin 521-0043
57. Cookstown HS 521-0230
58. Crumlin Integrated College 325-0149
59. Donaghadee HS 421-0031
60. Dromore HS 521-0064
61. Drumglass HS, Dún Geanainn 521-0231
62. Dunclug College 321-0208
63. Dunmurry HS 421-0194
64. Fort Hill College 425-0072
65. Glengormley HS 321-0202
66. Integrated College Dungannon 526-0286
67. Killicomaine Junior HS, Port an Dúnáin 521-0054
68. Larne HS 321-0038
69. Limavady HS 221-0302
70. Little Flower Girls' School 123-0089
71. Newry HS 521-0186
72. Oakgrove College 226-0276
73. Omagh HS 221-0125
74. Our Lady of Mercy Girls' School, Béal Feirste 123-0104
75. Priory Integrated College 425-0024
76. St Benedicts College, Baile Raghnaill 323-0308
77. St Brigids HS, Ard Mhaca 523-0160
78. St Colmcille's HS 423-0102
79. St Columban's College, Cill Chaoil 523-0059
80. St Comhghall's College, Lios na Scéithe 223-0190
81. St Gemma's HS, Béal Feirste 123-0173
82. St Joseph's Boys' School, Doire 223-0131

83. St Joseph's Boys' HS, Iúr Cinn Trá 523-0056
84. St Joseph's Boys' HS, Iúr Cinn Trá 523-0056 – freagra breise
85. St Mark's HS, An Pointe 523-0135
86. St Mary's HS, Dún Pádraig 423-0023
87. St Mary's HS, Doire 223-0081
88. St Mary's HS, Iúr Cinn Trá 523-0108
89. St Peter's HS, Doire 223-0181
90. St Paul's Junior HS, An Lorgain 523-088

Scoileanna Speisialta

91. Ceara Special School 531-6521
92. Donard Special School 531-6520
93. Kilronan Special School 331-6570
94. Roddensvale Special School 331-6514
95. Tor Bank Special School 431-6517

Bunscoileanna

96. Anahilt PS 401-1608
97. Armstrong PS 501-1115
98. Ballinderry PS 401-6202
99. Ballycraigy PS 301-3331
100. Ballylifford PS 503-2208
101. Ballynure PS 301-0802
102. Blessed Patrick O'Loughran PS 503-2463
103. Bocombra PS 501-6138
104. Bunscoil Cholmcille, Doire 203-6574
105. Bunscoil an Iúir, Iúr Cinn Trá 504-6597
106. Bush PS 501-6391
107. Carr PS 401-1584
108. Carrick PS 503-1609
109. Christ the Redeemer 403-6618
110. Clea PS 503-1108
111. Cooley PS 201-6663
112. Donacloney 501-6178
113. Dundonald PS 401-1587
114. Dromara PS 401-1619
115. Drumadonnell PS 501-6616
116. Gaelscoil Uí Dhochartaigh, An Srath Bán 204-6638
117. Glencraig Integrated PS 405-3020
118. Glenwood PS 101-6485
119. Grange Park PS, 401-3045
120. Greenwood PS 101-0304
121. Holy Cross Boys' PS 103-0194
122. Holy Family PS, Dún Pádraig 403-3012
123. Holy Family PS, Doire 203-6472
124. Holy Trinity PS, An Chorr Chríochach 503-6567
125. Lisbellaw PS 201-6218
126. Maralin Village PS 501-1687
127. Nettlefield PS 101-0267
128. Olderfleet PS 301-0646

129. Orritor PS 501-6221
130. Our Lady Queen of Peace PS, Béal Feirste 403-6591
131. Recarson PS 203-2704
132. St Anthony's PS, Latharna 303-0900
133. St Brendan's PS, Craigavon 503-6101
134. St Brigid's PS, Dún Pádraig 403-3040
135. St Bronagh's PS, Ros Treabhair 503-6673
136. St Caolan's PS, Baile na hInse 403-1485
137. St Clare's Convent PS, Iúr Cinn Trá 503-1213
138. St Colmcille's PS, Dún Pádraig 403-6182
139. St Colman's Bann PS, Craigavon 503-6400
140. St Colman's PS, Droichead na Banna 503-6061
141. St Dallan's PS
142. St Dympna's PS, An Drom Mór 203-6186
143. St Joseph's PS, Béal Feirste 103-6246
144. St Joseph's PS, Cromghlinn 303-6026
145. St Joseph's PS, An Baile Meánach 303-6243
146. St Kieran's PS, Béal Feirste 403-6480
147. St Malachy's PS, Cúil Raithin 303-2297
148. St Malachy's PS, Dún Geanainn 503-2306
149. St Mary's PS, Clóidigh 203-2294
150. St Mary's PS, Dunsford 403-1673
151. St Mary's PS, Granmore 503-1172
152. St Mary's PS, An tIompú Deiseal 203-6356
153. St Nicholas' PS, Ard Ghlais 403-6113
154. St Patrick's PS, Domhnach Mór 503-2678
155. St Patrick's PS, Droichead Mhaigh Eo 503-1697
156. St Patrick's PS, Baile na hInse 403-1665
157. St Teresa's PS, An Lorgain 503-1160
158. Tandragee PS 501-1116
159. Templepatrick PS, 301-6014
160. The Cope PS 501-6079
161. Victoria PS 301-3330

Naíscoileanna

162. Convent of Mercy Nursery School 413-6212
163. The Academy Nursery School 211-6023

Comhairlí Ceantair agus eile

164. Gníomhaireachtaí le chéile ar son an Oideachais agus na hOiliúna
165. Comhairle Bhuirg Aontroma
166. Comhairle Bhuirg Na hAirde
167. Cumann na bPríomhleabharlannaithe (Helen Osborn)
168. Comhairle Bhuirg an Bhaile Mheánaigh
169. BOL Bhéal Feirste (David Ryan – Comhairleoir um Riachtanais Speisialta Oideachais & Chuimsiú)
170. BELB Extended School Inter-board Group (Grúpa Scoile Sínte Idirbhoird BOL Bhéal Feirste)
171. Confederation of British Industry (CBI) (Cónaidhm Tionscal na Breataine)

172. Leanaí i dTuaisceart Éireann
173. An tIonad Dlí do Leanaí
174. Comhairle Bhuirg Craigavon
175. Disability Action
176. Comhairle Ceantair an Dúin
177. Comhairle Ceantair an Dúin – freagra breise
178. Institiúid Taighde Eacnamaíochta Thuaisceart Éireann
179. Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann
180. Grúpa Príomhoidí Fhear Manach (An tUasal F Murphy, cathaoirleach)
181. Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chur Chun Cinn na Sláinte
182. Help the Aged
183. Holy Family Parish Social Justice Committee (Coiste Ceartais Shóisialta Pharóiste an Teaghlaigh Naofa)
184. An Institiúid um Shláinte Phoiblí in Éirinn
185. Comhairle Bhuirg Léim an Mhadaidh
186. Comhairle Cathrach Lios na gCearrbhach
187. National Deaf Children's Society (Cumann Náisiúnta na Leanaí Bodhar)
188. Comhairle Thuaisceart Éireann um Ghníomhaíocht Dheonach
189. Coimisiún Ceapachán Breithiúnach Thuaisceart Éireann
190. NSPCC (An Cumann Náisiúnta um Chosaint Leanaí)
191. An tAonad Oiliúna Réigiúnach
192. Save the Children
193. Grúpa Stiúrtha Chumann na bPríomhoidí Iarbhunscoile BOL an Deiscirt
(David Mehaffey, cathaoirleach)
194. Sir Bob Salisbury – cathaoirleach an Tascfhórsa Litearthachta agus Uimhearthachta
195. Comhairle Ceantair an tSratha Bháin
196. Stranmillis University College (Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis)
197. The British Psychological Society (Cumann Síceolaíochta na Breataine)
198. Ollscoil Uladh

Freagraí Pearsanta

199. Florence Brunt
200. An tUasal SE Douglas (múinteoir bunscoile)
201. An tOllamh Tony Gallagher School of Education Queens University (Scoil Oideachais Ollscoil na Ríona)
202. Robert Gilmore (príomhoide)
203. An Dr Ana M Kerr